

**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000122/2018
ar an gCoimisiún**

Rule 128

Dubravka Šuica, Guillaume Balas, Urszula Krupa, Catherine Bearder, Estefanía Torres Martínez, Martin Häusling, Piernicola Pedicini

thar ceann An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Úsáid cannabais chun críocha míochaine

Sa litríocht eolaíoch atá ann cheana maidir le cannabis míochaine, cuirtear i láthair fianaise dhochlóite nó shubstainteach go bhfuil éifeachtaí teiripeacha ag gabháil le cannabis agus le cannaibionóidigh: déanann siad pian i ndaoine fásta a chóireáil, feidhmíonn siad mar fhrithurlacach le linn masmas agus urlacan a eascraíonn as ceimiteiripe a chóireáil agus maolaíonn siad siomtóim a bhaineann le spasmachas na matán i scléaróis iolrach. Sa bhreis air sin, i mí na Nollag 2017, mhol an Eagraíocht Dhomhanda Trádála go hoifigiúil nár cheart an chomhdhúil cannabais cannaibidé-ól (CBD) a sceidealú go hidirnáisiúnta mar shubstaint rialaithe. Rinneadh táirge íocshláinte cannabasbhunaithe amháin a údarú tríd an nós imeachta maidir le haitheantas frithpháirteach agus a mhargú i 17 mBallstát, ach ní dhearna aon Bhallstát caitheamh an channabais a údarú chun críocha míochaine, ós rud é gur féidir leis an gcaitheamh a bheith ina riosca don tsláinte. Is minic a dhéantar saincheist an channabais míochaine a mheascadh le húsáid an channabais mar dhruga áineasa, ach ba cheart í a mheas mar shaincheist ar leith. Tá an tírdhreach rialála ag athrú go tapa san Aontas agus ar fud an domhain. I bhfianaise an mhéid sin thuas:

- Cad iad na bearta atá déanta ag an gCoimisiún chun tacú le taighde ardcháilíochta i ndáil le tairgí íocshláinte cannabasbhunaithe? Cad iad na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún maidir le taighde amach anseo agus cé mhéad de chistiú a bhfuil sé beartaithe aige a leithdháileadh le haghaidh taighde den sórt sin faoin gcéad Chreatchlár eile, Creatchlár 9, ina dhiaidh sin (Fís na hEorpa)? An measann an Coimisiún go bhfuil an timpeallacht rialála ar fud AE fabhrach do thaighde ardcháilíochta maidir le cannabis míochaine?
- Fiú sna Ballstáit ina bhfuil cannabis míochaine dleathach, tá difríocht mhór idir na coinníollacha atá ann maidir le rochtain, oideasú, ceannach, praghsáil, aisíoc — sa bhreis ar an leibhéal eolais i measc gairmithe cúraim sláinte ar úsáid tairgí íocshláinte den sórt sin, agus is dúshlán d’othair iad na coinníollacha sin freisin. An measann an Coimisiún gur cheart dó an rochtain atá ag othair ar channabais míochaine a fheabhsú?
- An bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún caighdeáin a bhunú le haghaidh cannabis míochaine neamh-chógaisíochta d’fhonn sábháilteacht an tomhaltóra a áirithiú? An ndearna an Coimisiún imscrúdú ar an uasteorainn iomchuí de theitrihidreacannaibionóil (THC) atá i láthair i gcannabais míochaine d’fhonn tomhaltóirí a chosaint?

Curtha síos: 12.11.2018

Curtha ar aghaidh: 14.11.2018

Spricam le haghaidh freagra: 21.11.2018